

Taephota Imircigh, Deireadh an 19ú hAois go Lár an 20ú hAois



Ní fhaightear stán in Éirinn ach faightear é i gCorn na Breataine agus in Devon, Sasana.

Tá stán á úsáid in Éirinn ó aimsir na Cré-umhaoise (2500 RC) tráth ar cumascadh le copar é chun cré-umha a dhéanamh.

Déanann gaibhne stáin rudaí de láimh agus, dá bhrí sin, bíonn na nithe a dhéanann siad uathúil. Bhíothas in ann saothar gaibhne stáin éagsúla a aithint trí na dearthaí éagsúla a d'úsáid siad ar na nithe a rinne siad agus, freisin, trí chruthanna agus trí chineálacha éagsúla na nithe a rinne siad.

Is sa tSín a thángthas ar thae ar dtús agus tugadh 'te' air i gceantar áirithe amháin.

Úsáidtear leaganacha malartacha den fhocal 'te' i gcuid mhór teangacha e.g. 'tea' sa Bhéarla, 'tae' sa Ghaeilge, 'Tee' sa Ghearmáinis agus 'thee' sa Dúitsis.

Tá dúil mhór ag daoine i dtíortha na hÁise sa tae glas.

D'imigh cuid mhór imirceach ó Éirinn trí chalafort an Chóibh.

Is de shliocht imirceach Éireannach iad roinnt uachtarán de chuid Mheiriceá. Seo a leanas triúr de na huachtaráin is déanaí díobh sin:

J.F. Kennedy

Ronald Reagan

Barack Obama
